



Scéim Ráthaíochta Taiscí - Comhleachtaitheoirí Sealadacha ceaptha ar Chomhar Creidmheasa na Rátha

Conas a gheobhaidh mé mo chuid airgid? Cathain a gheobhaidh mé mo chuid airgid?

Ní ga do chomhaltaí éileamh a dhéanamh ar chúiteamh ón Scéim Ráthaíochta Taiscí (SRT). Déanfaidh na comhleachtaitheoirí sealadacha sonraí de chuid comhaltaí incháilithe a bheidh fíoraithe go cuí a chur in iúl don SRT mar aon le hiarmhéideanna bainc. Ina dhiaidh sin, déanfaidh an SRT íocaíochtaí le comhaltaí trí sheiceanna a sheoladh chuig an seoladh a bheidh ar taifead ag Comhar Creidmheasa na Rátha dóibh.

Eiseoidh an SRT íocaíochtaí cúitimh chuig taisceoirí a bheidh fíoraithe go cuí a luaithe is féidir laistigh de spriocdháta reachtúil 20 lá.

Cén fhad a thógfaidh sé an seic a ghlanadh má dhéanaim é a lóisteáil i mo chuntas bainc?

De ghnáth, déantar seiceanna a ghlanadh laistigh de 3-5 lá oibre. Féadfar tuilleadh faisnéise a fháil ar shuíomh gréasáin Chónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí na hÉireann.

I gcás nár chuir tú an t-athrú seolta in iúl do Chomhar Creidmheasa na Rátha, déanfar íocaíochtaí a eisiúint chuig an seoladh deireanach a bhí ar taifead ag Comhar Creidmheasa na Rátha duit. Chun go ndéanfar íocaíocht a eisiúint chuig an sholadh nua, beidh ort foirm SRT um Athrú Seolta a chomhlíonadh agus a sheoladh ar ais.

I gcás ina raibh Comhar Creidmheasa na Rátha ar an eolas maidir leis an athrú seolta ach nach raibh sonraí an tseolta nua acu, déanfar an íocaíocht a chur siar go dtí go bhfaighfear foirm SRT um Athrú Seolta.

Féadfar foirm SRT um Athrú Seolta a íoslódáil ó depositguarantee.ie. Ba cheart go seolfaí foirmeacha comhlánaithe chuig an seoladh a bheidh tugtha ar an bhfoirm.

An féidir liom an Fhoirm um Athrú Seolta nó an Fhoirm Éilimh maidir le Comhalta Éagtha a chur isteach leis an ríomhphost, ar facs nó ar shuíomh gréasáin an SRT?

Beidh an fhoirm bunaidh mar aon le doiciméid tacaíochta bunaidh ag teastáil ón SRT chun éileamh a phróiseáil agus, dá bhrí sin, ní mór foirmeacha a sheoladh leis an bpost chuig an SRT. Liostaítear ar an bhfoirm ábhartha na doiciméid tacaíochta a bheidh de dhíth. Is féidir leat an fhoirm sin a íoslódáil ó depositguarantee.ie

Céard a tharlóidh i gcás ina mbeidh sealbhóir cuntais éagtha?

Ba cheart d'Ainmní/Ionadaí Pearsanta an duine éagtha Foirm Éilimh SRT maidir le Comhalta Éagtha a chomhlánú. Féadfar Foirm Éilimh SRT maidir le Comhalta Éagtha a íoslódáil ó depositguarantee.ie



Tá cuntas coigiltis ag mo pháiste le Comhar Creidmheasa na Rátha. Céard a tharlóidh dá choigilteas/coigilteas?

Déanfaidh an SRT seic a sheoladh go huathoibríoch in ainm an tsealbhóra cuntais i leith an iarmhéid a bhí sa chuntas amhail ar an dáta a ceapadh an leachtaitheoir. Ní mór don sealbhóir cuntais cuntas a bheith aige/aici le hinstitiúid eile chun go mbeidh sé/sí in ann an seic seo a lóisteáil.

An bhfuil mo chuntas buiséid leis an gComhar Creidmheasa clúdaithe faoin SRT?

Clúdaítear cuntais buiséid a bhfuil iarmhéid sochair iontu faoin SRT. Bíonn iarmhéid dochair nó sochair i gcuntas buiséid ag brath ar eis-sreabhadh cistí chun freastal ar bhíllí sceidealaithe. Má tá iarmhéid dochair i do chuntas buiséid, beidh ort an méid atá dlite a íoc.

Bhí cuntas taisce agam le Comhar Creidmheasa na Rátha ach bhain mé an t-airgead amach. Tá seic neamhbhriste anois agam don iarmhéid taisce. An bhfuil mé i dteideal cúitimh?

Seiceanna neamhbhriste a bhaineann le hiarmhéideanna cuntas taisce arna sealbhú i gComhar Creidmheasa na Rátha, féadfaidh go mbeidh siad i dteideal cúitimh. Má tá seic den sórt sin agat, téigh i dteagmháil leis na comhleachtaitheoirí sealadacha, le do thoil.

Cúiteamh a ríomh

Is é €100,000 an t-uasmhéid cúitimh is iníoctha in aghaidh an duine in aghaidh na hinstitiúide.

Beidh an cúiteamh bunaithe ar na hiarmhéideanna a bheidh sna cuntais i gComhar Creidmheasa na Rátha amhail ag am scoir gnó ar an dáta a ceapadh na comhleachtaitheoirí sealadacha agus áireofar sa chúiteamh sin aon ús a bheidh dlite anuas go dtí an dáta sin. Déanfar na hiarmhéideanna go léir arna sealbhú in ainm an chomhalta (lena n-áirítear iarmhéideanna arna sealbhú i gcomhchuntas nó mar thairbhí i gcuntas iontaobhais) a chomhbhailiú d'fhonn an t-uasmhéid cúitimh a bheidh dlite don chomhalta ón SRT a ríomh.

Gheobhaidh an SRT faisnéis ó na comhleachtaitheoirí sealadacha ina sonrú na taiscí a bheidh i dteideal cúitimh mar aon le miondealú ar chuntais agus iarmhéideanna leithleacha. Beidh méid an chúitimh a gheobhaidh tú comhionann le hiarmhéid iomlán do chuid cuntas amhail ar dháta ceaptha na gcomhleachtaitheoirí sealadacha go feadh uasteorainn €100,000 in aghaidh an taisceora.

Ní bheidh an SRT ábalta cuntais nó méideanna leithleacha a phlé le haon chomhalta go dtí go mbeidh faisnéis fhíoraithe faighte againn ó na comhleachtaitheoirí sealadacha.



An ndéanfar aon airgead a bheidh ag Comhar Creidmheasa na Rátha orm a fhritháireamh in aghaidh mo choigiltis nuair a bheidh méid an chúitimh á ríomh?

De ghnáth, ní dhéanfar dliteanais amhail iasachtaí a fhritháireamh in aghaidh taiscí nuair a bheidh cúiteamh SRT á ríomh. Ar a shon sin, féadfaidh na comhleachtaitheoirí sealadacha, i gcás ina mbeidh siad i dteideal déanamh amhlaidh, riaráistí a fhritháireamh más rud é go raibh na riaráistí sin dlite roimh nó ar dháta an leachtaithe.

Rachaidh na comhleachtaitheoirí sealadacha i dteagmháil leis na comhaltaí go léir chun socrúithe a dhéanamh maidir le haisíoc iasachtaí.

Má bhíonn aon cheisteanna agat maidir le hiasachtaí nó riaráistí, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis na comhleachtaitheoirí sealadacha ar 01 470 0569 nó ag charlevillecu@bdo.ie.

Rinneadh íocaíocht isteach i mo chuntas an lá/roinnt laethanta sular ceapadh na comhleachtaitheoirí sealadacha ar Chomhar Creidmheasa na Rátha ach is cosúil nár cuireadh an íocaíocht sin le m'íarmhéid cuntais. An ndéanfar an t-íarmhéid cuntais a thabhairt cothrom le dáta chun an íocaíocht sin a léiriú?

Gheobhaidh an SRT faisnéis ó na comhleachtaitheoirí sealadacha ina mionsonrófar íarmhéideanna taiscí leithleacha sna cuntais go léir arna sealbhú ag comhaltaí. Mura n-aontaíonn comhalta leis an méid a íocfar leo, ba cheart dóibh Foirm Éilimh do Thaisceoirí a chomhlánú agus a sheoladh chuig an SRT ag an seoladh a bheidh sonraithe ar an bhfoirm. Beidh an Fhoirm Éilimh do Thaisceoirí ar fáil ar depositguarantee.ie

Tá airgead agam i gcomhchuntas le Comhar Creidmheasa na Rátha. Cén chaoi a n-íocfaidh an SRT an cúiteamh sin?

Déanfar comhchuntas a roinnt go cothrom idir na taisceoirí i gcás nach mbeidh forálacha speisialta ann a sháróidh an socrú caighdeánach go roinnfear go cothrom é. An méid a gheobhaidh gach sealbhóir cuntais i leith comhchuntais, déanfar é sin a chomhiomlánú le haon íarmhéideanna eile a bheidh ar seilbh ag an sealbhóir cuntais sin. Ciallaíonn sé seo go mbeadh gach sealbhóir cuntais i gcomhchuntas incháilithe le haghaidh cúitimh go feadh uasteorainn €100,000 in aghaidh an duine.

Céard is féidir liom a dhéanamh mura n-aontaím le méid an chúitimh a d'íoc an SRT liom?

Mura n-aontaíonn comhalta leis an méid a íocadh leo, ba cheart dóibh Foirm Éilimh do Thaisceoirí a chomhlánú agus a sheoladh leis an bpost chuig seoladh SRT atá sonraithe ar an bhfoirm.

Tá Íocaíochtaí Cúitimh a eisítear chuig taisceoirí bunaithe ar an méid a bhí á shealbhú i scaireanna agus/nó an méid a bhí ar taisce lúide aon riaráistí a bhí dlite nuair a ceapadh na Comhleachtaitheoirí Sealadacha chuig Comhar Creidmheasa na Rátha. Má mheasann tú nach bhfeagraíonn an méid atá faighte agat do na scaireanna/don taisce a bhí ar seilbh agat, lúide riaráistí, cliceáil **anseo**, le do thoil, chun an Fhoirm Éilimh do Thaisceoirí a íoslódáil.



Banc Ceannais na hÉireann
Central Bank of Ireland

Eurosystem

Tá tuilleadh eolais le fáil ar centralbank.ie maidir le ceapachán na gcomhleachtaitheoirí sealadacha chuig Comhar Creidmheasa na Rátha.